2024/3007

4.12.2024

CINNEADH (AE) 2024/3007 ÓN gCOMHAIRLE

an 28 Samhain 2024

lena gceaptar ceathrar comhaltaí agus triúr comhaltaí malartacha, arna moladh ag Poblacht na Cipire, de Choiste na Réigiún

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 305 de,

Ag féachaint do Chinneadh (AE) 2019/852 ón gComhairle an 21 Bealtaine 2019 lena gcinntear comhdhéanamh Choiste na Réigiún ([1]),

Ag féachaint do na tograí ó Rialtas na Cipire,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 300(3) den Chonradh, tá Coiste na Réigiún le bheith comhdhéanta d'ionadaithe do chomhlachtaí réigiúnacha agus áitiúla a bhfuil acu sainordú toghchánach in údarás réigiúnach nó áitiúil nó atá freagrach go polaitiúil do thionól tofa.

(2) An 10 Nollaig 2019, ghlac an Chomhairle Cinneadh (AE) 2019/2157 ([2]), lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha Choiste na Réigiún don tréimhse ón 26 Eanáir 2020 go dtí an 25 Eanáir 2025.

(3) Tá suíocháin ceathrar comhaltaí ar Choiste na Réigiún tagtha chun bheith folamh tar éis deireadh a theacht leis na sainorduithe náisiúnta ar dá mbun a moladh Nikos ANASTASIOU, Andros KARAYIANNIS, Louis KOUMENIDES agus Stavros STAVRINIDES a cheapadh.

(4) Tá suíocháin triúr comhaltaí malartacha ar Choiste na Réigiún tagtha chun bheith folamh tar éis deireadh a theacht leis na sainorduithe náisiúnta ar dá mbun a moladh Theodoros ANTONIOU AVVAS, Areti PIERIDOU agus Kyriacos XYDIAS a cheapadh.

(5) Mhol Rialtas na Cipire na hionadaithe seo a leanas, ar ionadaithe do chomhlachtaí áitiúla iad agus a bhfuil acu sainordú toghchánach in údarás áitiúil, mar chomhaltaí de Choiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2025: Fotoula HADJIPAPA, Δήμαρχος Λακατάμειας (Méara Bhardas Lakatameia), Lefteris PERIKLI, Πρόεδρος Κοινοτικού Συμβουλίου Απεσιάς (Cathaoirleach de Chomhairle Chomhphobal Apesia), Kyriacos XYDIAS, Δήμαρχος Αμαθούντας (Méara Bhardas Amathounta), agus ar bhonn sainordú náisiúnta difriúil, Stavros STAVRINIDES, Δήμαρχος Στροβόλου (Méara Bhardas Strovolos).

(6) Mhol Rialtas na Cipire na hionadaithe seo a leanas, ar ionadaithe do chomhlachtaí áitiúla iad a bhfuil acu sainordú toghchánach in údarás áitiúil, mar chomhaltaí malartacha de Choiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2025: Maria CHRISTOU, *Πρόεδρος Κοινοτικού Συμβουλίου Φασούλας Πάφου* (Cathaoirleach de Chomhairle Chomhphobal Fasoulas Pafou), Stavros HADJIYIANNIS, *Δήμαρχος Νότιας Λευκωσίας – Ιδαλίου* (Méara Bhardas Notias Lefkosias – Idaliou) agus Antreas THEODOROU, *Δήμαρχος Πολεμιδιών* (Méara Bhardas Polemidia),

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, ceaptar na hionadaithe seo a leanas, ar ionadaithe do chomhlachtaí áitiúla iad agus a bhfuil acu sainordú toghchánach, chuig Coiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2025:

(a) mar chomhaltaí:

— Fotoula HADJIPAPA, *Δήμαρχος Λακατάμειας* (Méara Bhardas Lakatameia),

— Lefteris PERIKLI, *Πρόεδρος Κοινοτικού Συμβουλίου Απεσιάς* (Cathaoirleach de Chomhairle Chomhphobal Apesia),

([1]) IO L 139, 27.5.2019, lch. 13, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2019/852/oj.
([2]) Cinneadh (AE) 2019/2157 ón gComhairle an 10 Nollaig 2019 lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha Choiste na Réigiún don tréimhse ón 26 Eanáir 2020 go dtí an 25 Eanáir 2025 (IO L 327, 17.12.2019, lch. 78, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2019/2157/oj).

— Stavros STAVRINIDES, Δήμαρχος Στροβόλου (Méara Bhardas Strovolos) (athrú sainordaithe),

— Kyriacos XYDIAS, *Δήμαρχος Αμαθούντας* (Méara Bhardas Amathounta),

agus

(b) mar chomhaltaí malartacha:

— Maria CHRISTOU, *Πρόεδρος Κοινοτικού Συμβουλίου Φασούλας Πάφου* (Cathaoirleach de Chomhairle Chomhphobal Fasoulas Pafou),

— Stavros HADJIYIANNIS, *Δήμαρχος Νότιας Λευκωσίας – Ιδαλίου* (Méara Bhardas Notias Lefkosias – Idaliou),

— Antreas THEODOROU, *Δήμαρχος Πολεμιδιών* (Méara Bhardas Polemidia).

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 28 Samhain 2024.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

NAGY M.